

**Sliocht as leabhar Irimia fáidh**

Téigh anois chuig gach duine a gcuirfidh mise thú.

Thánaig briathar an Tiarna chugamsa, á rá:

‘Sular chum mé thú sa bhroinn

bhí aithne agam ort;

sular rugadh thú, choisric mé thú;

d’ordaigh mé thú i d’fháidh do na ciníocha.’

Ansin dúirt mise: ‘Ó, a Thiarna, féach, ní fhéadaim labhairt óir is leanbh mé.’

Ach dúirt an Tiarna liom:

‘Ná habair: “Is leanbh mé.”

Téirigh anois chuig gach duine a gcuirfidh mise thú,

agus cibé rud a ordóidh mise duit,

déarfaidh tú é.

Ná bíodh faitíos ort rompu,

óir tá mise leat agus tusa foi mo choimirce –

a deir an Tiarna.’

Ansin shín an Tiarna a lámh amach agus bhain le mo bhéal agus dúirt an Tiarna liom:

‘Féach táim ag cur mo bhriathra i do bhéal.’

Briathar an Tiarna.

**SALM LOINNEOGACH**

Sm 116. L Mc 16:15

Malairt L

Alleluia

Alleluia!

Molaigí an Tiarna, a chiníocha go léir,  
moladh an uile náisiún é.

**L:** Imígí faoin domhan uile;  
fógraigí an dea-scéal!

Óir is buan é go deimhin a ghrá dúinn,  
maireann a dhílseacht go brách. **L**

## AN DARA LÉACHT

Rómh 10:9-18

### Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómhánaigh

Is ó sheanmóireacht a thagann an creideamh, agus is é scéal Chríost is bun don tseanmóireacht féin.

Má admhaíonn tú ó do bhéal gurb é Íosa an Tiarna agus má chreideann tú ó do chroí gur thóg Dia ó mhairbh é, slánófar thú. Mar is sa chroí a bhíonn an creideamh a fhíránaíonn agus sa bhéal a bhíonn an admháil a shlánaíonn. Agus deir an Scriptor: Gach aon duine a chreideann ann ní bheidh díomá air. Níl aon dealú, féach, idir Giúdach agus Gréagach mar is é an t-aon Tiarna amáin atá orthu go léir agus caitheann sé go fáiltiúil lena nglaonn air, mar gach aon duine a ghlaofaídh ar ainm an Tiarna, slánófar é.

Ach conas a chreidfidís ann murar chuala siad trácht air? Agus conas a chloisfidís trácht air gan duine a fhógairt mura gcuirfí amach iad chuige sin? Agus sin an ní atá ráite sa scriptúr: ‘Dé bheatha chugainn lucht fógartha an dea-scéil.’ Ach ní gach aon duine a ghéill don Dea-Scéal, de réir mar a deir Íseáia: ‘A Thiarna, cé a chreid ár seanmóireacht?’ Is ó sheanmóireacht a thagann an creideamh, mar sin, agus is é scéal Chríost is bun don tseanmóireacht féin. Ach ceist agam oraibh: an é nár chuala siad an scéal? Chuala siad go deimhin mar ‘chuaigh a nglór amach ar fud an domhain agus a mbriathra go bruach na cruinne.’

Briathar an Tiarna.

## COMHGHÁR AN tSOISCÉIL

Mth 28:19-20

Glóir duit, a Chríost, is tú Briathar Dé!  
Imígí, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, a deir an Tiarna.  
Féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil.  
Glóir duit, a Chríost, is tú Briathar Dé.

## AN SOISCÉAL

Mc 16:15-20

### Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Marcas

Imígí faoin domhan uile agus fógraigí an dea-scéal.

San am sin thaispeáin Íosa é féin don aonar déag agus dúirt leo: ‘Imígí faoin domhan uile agus fógraigí an dea-scéal don chruthaíocht uile. An té a chreidfidh agus a bhaistfear, slánófar é; ach an té nach gcreidfidh, daorfar é. ‘Agus leanfaidh na comharthaí seo an dream a chreideann: Caithfidh siad deamhain amach i m’ainmse, labhróidh siad i dteangacha nua, tógfaidh siad nathracha ina lámha, agus má ólann siad aon deoch mharfach, ní dhéanfaidh sí díobháil dóibh; leagfaidh siad a lámha ar easláin, agus beidh siad ar fónamh.’

Tar éis dó labhairt leo, dá bhrí sin, tógadh an Tiarna Íosa suas ar neamh, agus chuaigh sé chun suí ar dheasláimh Dé. Ach iad siúd, d'imíodar leo agus craobhscaoileadar i ngach áit, agus chabhraigh an Tiarna leo ag neartú an bhriathair leis na comharthaí a lean é.

Soiscéal an Tiarna.